Croí-inniúlachtaí d'eipidéimeolaithe sláinte poiblí
a oibríonn i réimsí an fhaireachas agus na freagartha um
ghalair theagmhálacha san Aontas Eorpach

## CLÁR ÁBHAR


Cúlra ..... 2
Cad iad na croí-inniúlachtaí? ..... 2
Sainmhíniú ar inniúlacht ..... 2
Sainmhíniú ar chroí-inniúlacht ..... 2
Cad nach bhfuil sa liosta seo ..... 3
Úsáid agus úsáideoirí ..... 3
Próiseas forbartha ..... 3
Athbhreithniú ar an litríocht agus an chéad dréacht ..... 3
Cruinniú na Saineolaithe agus athbhreithniú ..... 4
Athbhreithniú ag grúpa oibre ar ullmhacht agus freagairt an Fhóraim Chomhairligh ..... 5
Athbhreithniú gréasán-bhunaithe ..... 5
Liosta na gcroí-inniúlachtaí ..... 6
Buíochas ..... 7
Tagairtí ..... 7
Aguisín A: Liosta de Chroí-Inniúlachtaí d'Eipidéimeolaithe Allamuigh sna Riaracháin Sláinte Poiblí den Aontas Eorpach, Grúpáilte de réir Catagóirí agus Fearann ..... 8
1. Réimsí sonracha don ghairm ..... 9
1.1. Sláinte Phoiblí ..... 9
1.2. Eipidéimeolaíocht fheidhmeach ..... 9
2. Réimsí ginearálta coitianta i ngairmeacha eile ..... 11
2.1. Bithstaidreamh ..... 11
2.2. Faisnéisíocht ..... 11
2.3. Cumarsáid ..... 12
2.4. Bainistíocht ..... 12
2.5. Forbairt cumais ..... 13
2.6. Eitic ..... 13

## CÚLRA

In airteagal 9 de rialachán bunaitheach an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), déantar cur síos ar fheidhm an Lárionaid maidir le hoiliúint a sholáthar: '*The Centre shall, as appropriate, support and coordinate training programmes in order to assist Member States and the Commission to have sufficient numbers of trained specialists, in particular in epidemiological surveillance and field investigations, and to have a capability to define health measures to control disease outbreaks*' ['De réir mar is cuí, tacóidh agus comhordóidh an Lárionad cláir oiliúna d'fhonn cabhrú le Ballstáit agus leis an gCoimisiún líon leordhóthanach de speisialtóirí oilte a bheith acu, go háirithe sa réimse d'fhaireachas eipidéimeolaíoch agus d'imscrúduithe allamuigh, agus d'fhonn cur ar a gcumas bearta sláinte a shainiú chun bristí amach galair a rialú'].

Tionóladh an chéad chomhairliúchán leis na Ballstáit (BS) faoi straitéis oiliúna d'eipidéimeolaíocht idirghabhála san Eoraip i Stócólm in 2005, agus le linn an chomhairliúcháin sin ba é ceann de na tosaíochtaí a aithníodh an gá croí-inniúlachtaí a fhorbairt d'eipidéimeolaithe allamuigh san Aontas Eorpach (AE).

I dteannta grúpa saineolaithe (grúpa na gcroí-inniúlachtaí), d'fhorbair an ECDC liosta de chroí-inniúlachtaí molta d'eipidéimeolaithe allamuigh a oibríonn ag na leibhéil uile idir leibhéil fho-náisiúnta (cúigí, ceantair, réigiúin) agus leibhéil náisiúnta agus fhornáisiúnta (Eorpach agus idirnáisiúnta) i riaracháin sláinte poiblí an AE.

Tá réimsí eile ina ndéanann an ECDC '*capacity building through training*' ['cumas a thógáil trí mheán oiliúna']: Measúnacht ar chumas eipidéimeolaíoch agus ar acmhainní agus riachtanais oiliúna i mBS an AE; Eagrú modúl gearr oiliúna do BS an AE/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE); Lánpháirtiú an Chláir Eorpaigh um Oiliúint san Eipidéimeolaíocht Idirghabhála (EPIET) leis an Lárionad.

## Cad iad na croí-inniúlachtaí?

### Sainmhíniú ar inniúlacht

Is ionann inniúlacht agus teaglaim d'eolas, de scileanna agus de chumais is gá do ghairmí í a léiriú agus atá riachtanach chun obair a dhéanamh go héifeachtúil.

### Sainmhíniú ar chroí-inniúlacht

Tá na croí-inniúlachtaí atá liostaithe sa doiciméad seo sainithe do ghairmithe i lár a ngairme beatha, seachas d'eipidéimeolaithe sóisearacha nó sinsearacha.

Sainíodh lár gairme beatha mar trí bliana taithí sa réimse nó clár oiliúna dhá bhliain ar eipidéimeolaíocht allamuigh a bheith tugtha chun críche. An phróifíl ghairmiúil a bheadh i gceist ná an phróifíl de mhaoirseoir aonaid a dhéanann faireachas nó gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha. In ainneoin an riosca a bhaineann le catagóirí saorga a chruthú, úsáidtear an cur chuige seo chun an próiseas a éascú.

Léiríonn an téarma ‘croí’ gur chóir go mbeadh na hinniúlachtaí ina réamhriachtanas íosta do na heipidéimeolaithe allamuigh uile, is cuma a leibhéal riaracháin (idirnáisiúnta, náisiúnta, fo-náisiúnta, áitiúil, etc.) sa chóras sláinte poiblí. Ba chóir dóibh a bheith comónta ag na gairmithe uile sa réimse seo.

Tá an liosta seo d’inniúlachtaí ‘lucht oibre’ seachas inniúlachtaí ‘teagascacha'.

Féadfar fo-inniúlachtaí a fhorbairt sa todhchaí chun forbairt curaclaim a éascú.

## Cad nach bhfuil sa liosta seo

Ní doiciméad rialála, ná téacs cinntitheach ná curaclam réidh le húsáid é an liosta seo.

## Úsáid agus úsáideoirí

Beartaítear go n-úsáidfidh institiúidí agus daoine éagsúla a bhfuil baint acu le sláinte phoiblí i dtíortha an AE an liosta de chroí-inniúlachtaí mar dhoiciméad tagartha.

Déanfar é a nuashonrú go tráthrialta agus i gcomhar leis na húsáideoirí féideartha (Institiúidí Sláinte Poiblí san AE, cláir oiliúna, etc.).

Chomh maith leis sin, ba chóir do na hinniúlachtaí a bheith mar uirlis thábhachtach le haghaidh na measúnuithe déanta le linn cuairteanna ar thíortha mar beifear in ann iad a úsáid chun réimsí oibre nó saineolais ar chóir iad a threisiú a aithint.

Is iad seo a leanas roinnt de na húsáidí tábhachtacha:

- Meastóireacht a dhéanamh ar oiliúnaithe: le haghaidh earcaíochta agus níos déanaí, chun measúnacht a dhéanamh ar a stádas sa phróiseas foghlama mar éachtaí i gcoinne inniúlachtaí. Féadfaidh fo-inniúlachtaí, a mheastar mar an cumas tascanna sonracha a dhéanamh, a bheith níos oiriúnaí don chuspóir seo.
- Forbairt curaclaim agus dearadh teagascach.
- Creidiúnú clár oiliúna: ba chóir inniúlachtaí agus curaclaim chlár oiliúna a mheasúnú mar chuid d’aon phróiseas creidiúnaithe.

I measc na n-úsáideoirí féideartha tá institiúidí sláinte poiblí agus cláir oiliúna cinnte, ach lena chois sin, tá na gairmithe agus oiliúnaithe a d’fhéadfadh leas a bhaint astu ar bhonn indibhidiúil. Tá siad riachtanach d’aitheantas na gairme, agus méadaíonn siad inchomparáideacht na sonraí poist.

## Próiseas forbartha

### Athbhreithniú ar an litríocht agus an chéad dréacht

In 2006, rinne an ECDC athbhreithniú ar roinnt liostaí d’inniúlachtaí eipidéimeolaithe allamuigh agus d’inniúlachtaí na *Field Epidemiology Training Programmes* [na gClár Oiliúna um Eipidéimeolaíocht Allamuigh] (FETP). Tugadh aird ar leith ar liosta FETP na hIndia a forbraíodh chun uirlis mheasúnachta a tháirgeadh do na hoiliúnaithe. Rinneadh staidéar domhain ar liosta an *Training Programmes in Epidemiology and Public Health Interventions Network* [Líonra na gClár Oiliúna um Eipidéimeolaíocht agus Idirghabhálacha Sláinte Poiblí]

(TEPHINET) agus ar an liosta d'inniúlachtaí in eipidéimeolaíocht fheidhmeach, do leibhéil éagsúla, atá ag na *United States Centers for Disease Control and Prevention* [Lárionaid na Stát Aontaithe um Ghalair a Rialú agus a Chosc] (US CDC) i gcomhar leis an *Council of State and Territorial Epidemiologists* [Comhairle na nEipidéimeolaithe Stáit agus Críche] (CSTE).

Rinneadh athbhreithniú ar Chuid 5 de Vademecum Mháistreacht Eorpach i Sláinte Phoiblí an *Association of Schools of Public Health in the European Region* [Cumann na Scoileanna Sláinte Poiblí i Réigiún na hEorpa] (ASPHER)[1], is é sin an *Catalogue of Potential Competencies* [Catalóg d'Inniúlachtaí Féideartha] mar ábhar tagartha riachtanach do na fearainn d'eolaíocht sláinte poiblí agus de bheartas sláinte poiblí.

Maidir le modheolaíocht, tugadh aird ar leith ar an bpróiseas US CDC/CSTE chun croí-inniúlachtaí a fhorbairt in eipidéimeolaíocht fheidhmeach, agus ar eispéireas Ollscoil Jagielloński sa Pholainn, mar chuid de Thionscadal Leonardo da Vinci. Lena chois sin, rinneadh staidéar ar na céimeanna i dTionscadal Forbartha Croí-Inniúlachtaí na Céime Máistreachta i Sláinte Phoiblí.

Scríobhadh páipéar oibre agus an chéad dréacht-liosta ECDC agus rinne gníomhairí inmheánacha agus comhordaitheoirí EPIET agus Cumann Daltaí EPIET athbhreithniú air i mí na Samhna 2006.

## Cruinniú na Saineolaithe agus athbhreithniú

Phléigh 18 saineolaí ó 15 institiúid éagsúla, lena n-áirítear Institiúidí um Fhaireachas Sláinte Poiblí san AE, an *European Public Health Association* [Cumann Eorpach um Shláinte Phoiblí] (EUPHA), roinnt FETP ó thíortha an AE agus thar lear, an EPIET, an EAN, an US CDC, TEPHINET, ASPHER agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) an chéad dréacht-liosta de chroí-inniúlachtaí i mí Eanáir 2007. Is féidir teacht ar an tuairisc iomlán ar an gcruinniú sin ar http://www.ecdc.europa.eu/en/activities/training_activities/Pages/index.aspx

Ní dhearnadh difríochtaí a bhain le leibhéil éagsúla riaracháin (náisiúnta, fo-náisiúnta, áitiúil, etc.) a mheas ach amháin nuair a bhí na tascanna le déanamh á n-imscrúdú agus chun an trasnú idir eatarthu a aithint, mar is iad na croí-inniúlachtaí na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo chun an post a dhéanamh ag aon cheann de na leibhéil sin. Rinne na saineolaithe athbhreithniú criticiúil ar gach ceann de na croí-inniúlachtaí i ngrúpaí oibre, agus bhain siad leas freisin as an liosta de '*Applied epidemiology competencies for governmental public health agencies*' ['Inniúlachtaí eipidéimeolaíochta feidhmí do ghníomhaireachtaí sláinte poiblí rialtais'] ón US CDC/CSTE, go háirithe iad siúd a bhain le '*tier 2: Mid-level epidemiologist*'['leibhéal 2: Eipidéimeolaí meánleibhéil'].

I ndiaidh an chruinnithe agus tar éis dóibh an plé a rinneadh sna grúpaí oibre a mheas, socraíodh gur chóir an chéad dréacht-liosta a nuashonrú. Seoladh ceistneoir struchtúrtha chuig na saineolaithe uile ar ríomhphost. Cuireadh na catagóirí, réimsí agus fearainn uile i láthair i dteannta an liosta inniúlachtaí. Iarradh ar na saineolaithe uile tuairimí ginearálta a thabhairt faoin struchtúr. I gcás gach ceann de na hinniúlachtaí, roghnóidís: (1) glacadh léi gan í a athrú; (2) glacadh léi dá ndéanfaí í a athrú nó a chur in eagar ar bhealach sonraithe; nó (3) í a scriosadh. I ngach fearann bhí sé indéanta inniúlachtaí breise a mholadh freisin.

[1] http://www.asph.org/UserFiles/EMPH%20Vademecum.pdf

## Athbhreithniú ag grúpa oibre ar ullmhacht agus freagairt an Fhóraim Chomhairligh

I ndiaidh dóibh conclúidí uile Chruinniú na Saineolaithe ó mhí Eanáir a bhailiú, cuireadh an ghníomhaíocht i láthair ghrúpa oibre ar ullmhacht agus freagairt an Fhóraim Chomhairligh (FC) i mí na Bealtaine 2007, agus tugadh cuireadh dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta trí leas a bhaint as an gceistneoir céanna.

## Athbhreithniú gréasán-bhunaithe

I mí Iúil agus mí Lúnasa 2007, cuireadh suirbhé ar láithreán gréasáin an ECDC agus bhí na gairmithe uile sa réimse eipidéimeolaíochta a bhaineann le faireachas ar agus freagairt do ghalair theagmhálacha san AE in ann páirt a ghlacadh ann. Moladh d'fhostóirí, mar shampla na hInstitiúidí Sláinte Poiblí, cumainn ghairmiúla, oiliúnóirí agus comhordaitheoirí clár oiliúna eipidéimeolaíochta páirt a ghlacadh ann.

Chun leibhéal na rannpháirtíochta a mhéadú, foilsíodh alt gearr i *Eurosurveillance* ar Déardaoin, an 2 Lúnasa 2007.

Rinneadh na rannpháirtithe a rangú de réir a bpost reatha, na hearnála (riarachán poiblí/cuideachta phríobháideach), a leibhéil (réigiún-cúige/náisiúnta/idirnáisiúnta), líon a mblianta taithí ar an bpost reatha, a ngairme, a dteidil iar-chéime, a n-aoise agus a dtíre cónaithe.

Bailíodh tuairimí ginearálta. Tugadh scór do chúig inniúlacht is ochtú sa suirbhé sin trí leas a bhaint as scála Likert (1 d'easaontú láidir, 2 d'easaontú, 3 do neamhchinnte, 4 d'aontú agus 5 d'aontú láidir).

Rinneadh anailís ar 38 gceistneoir san iomlán a fuarthas ó ghairmithe sláinte poiblí ó thíortha éagsúla san Eoraip: an Bheilg (1), Poblacht na Seice (1), an Danmhairg (1), an Fhionlainn (1), an Fhrainc (7), an Ghearmáin (2), an Ghréig (1), an Ungáir (1), Éire (2), an Iorua (1), an Phortaingéil (1), an Rómáin (2), an Spáinn (9), an tSualainn (2), an Ísiltír (3), an Ríocht Aontaithe (1), agus an Chróit freisin(1).

Ba chéimithe FETP iad fiche díobh, agus mar sin is féidir glacadh leo mar speisialtóirí in eipidéimolaíocht fheidhmeach. Ba dhochtúirí leighis iad ochtar is fiche díobh agus ba thréidlianna iad triúr díobh. Bhí PhD ag aon duine dhéag acu agus bhí céim Mháistreachta i sláinte phoiblí, eipidéimeolaíocht nó in eolaíochtaí sláinte eile ag 13 díobh ar a laghad.

Oibríonn ceathrar is tríocha díobh (90%) sa riarachán ag leibhéil éagsúla san AE. Ba é 40 aois mheánach na bhfreagróirí, le raon ó 27 go 63.

Níor easaontaigh aon fhreagróir le haon cheann de na 85 inniúlacht. Cuireadh aontú láidir (níos mó ná 4) in iúl i gcás 67 de na hinniúlachtaí molta. Measadh gur aontaíodh le hinniúlacht má fuair sé scór os cionn 3.5; mar sin, d'fhéadfaí 81 inniúlacht a choinneáil sa liosta.

Is iad seo a leanas na ceithre inniúlacht a fuair scór idir 3.2 agus 3.4 (tábhacht neamhchinnte), agus scriosadh den liosta iad ar an gcúis chéanna:

- Uimhir 10 (*Apply economic methods and tools to support and evaluate decision making in health* [Modhanna agus uirlisí eacnamaíocha a úsáid chun cinnteoireacht sláinte a thacú agus a mheas]) san fhearann ‘beartas sláinte poiblí’, sa réimse de shláinte phoiblí. Scór 3.2
- Uimhir 36 (*Create a protocol for specimen collection* [Prótacal a chruthú do bhailiú eiseamal]) san fhearann ‘saincheisteanna saotharlainne’, faoi eipidéimeolaíocht fheidhmeach. Scór 3.2
- Uimhir 37 (*Identify the appropriate tests needed for the diagnosis of a disease* [Na tástálacha cuí a aithint a bhfuil gá leo chun galar a dhiagnóisiú]) san fhearann “saincheisteanna saotharlainne”, faoi eipidéimeolaíocht fheidhmeach. Scór 3.3
- Uimhir 55 (*Use software packages for other types of data analysis (modelling, etc)* [Pacáistí bogearraí a úsáid chun cineálacha eile d’anailísiú sonraí a dhéanamh (samhaltú, etc)] san fhearann ‘anailísiú sonraí staidrimh agus eile’, faoi réimse na faisnéisíochta feidhmí. Scór 3.4

Ba é 80 líon deiridh na n-inniúlachtaí i ndiaidh na gceithre inniúlacht le seasamh neodrach agus ceann eile a measadh go raibh sí iomarcach a scriosadh: Uimhir 83 sa liosta bunaidh: ‘*Promote ethical conduct amongst colleagues*’ [‘Iompar eiticiúil a chur chun cinn i measc comhghleacaithe’], mar is dóchúil go mbeadh an inniúlacht sin intuigthe ó na hinniúlachtaí eile sna réimsí d'Eitic agus d’Fhorbairt Cumais.

Lena chois sin, mheas baill an FC go raibh gá le réimse nua a chuimsiú a bhainfeadh le galair thógálacha, agus mar sin cuireadh réimse nua leis agus cuireadh an inniúlacht nua seo, uimhir 35, faoi: ‘*Bheith ar an eolas faoi dhinimic tarchuir na ngalar tógálach*’.

Cuireadh torthaí an tsuirbhé seo i láthair agus pléadh iad ag an Dara Comhairliúchán ECDC le BS an AE faoi Straitéis Oiliúna an ECDC ar an 11 agus an 12 Meán Fómhair 2007 i Stócólm agus ag FC an ECDC ar an 13 agus an 14 Meán Fómhair 2007.

## Liosta na gcroí-inniúlachtaí

I ndiaidh an phróisis forbartha uile, tá tábla na gcatagóirí, na réimsí agus na bhfearann agus an liosta d’inniúlachtaí molta cuimsithe in Aguisín A. Teastaíonn ón ECDC an liosta seo a úsáid mar uirlis mheasúnachta le linn cuairteanna ar thíortha, suirbhéanna, etc. chun riachtanais shonracha oiliúna a aithint i dtíortha an AE.

Tá inniúlachtaí ginearálta a bhaineann le disciplíní eile lasmuigh de shláinte phoiblí nó eipidéimeolaíocht fheidhmeach ach atá riachtanach chun an post a dhéanamh san áireamh sa liosta.

## Buíochas

Chabhraigh liosta fada daoine agus institiúidí leis an tionscadal um chroí-inniúlachtaí a fhorbairt:

- Is iad seo a leanas na daoine a ghlac páirt i gCruinniú na Saineolaithe ar an 31 Eanáir i Stócólm (grúpa na gCroí-Inniúlachtaí): Preben Aavitsland, Katharina Alpers, Nancy Binkin, Jeanette de Boer, Arnold Bosman, Luca Busani, Katarzyna Czabanowska, Denis Coulombier, Ruth Gelletlie, Brigitte Helynck, Yvan Hutin, Denise Koo, James Stuart, Alena Petrakova, Lara Payne, Zoltan Voko, Marta Valenciano agus Carmen Varela.
- Gabhaimid buíochas ar leith le grúpa oibre ar ullmhacht agus freagairt an FC a rannchuidigh leis an athbhreithniú.
- Gabhaimid buíochas freisin leis na daoine uile a scaip an suirbhé ar chumainn agus ar líonraí gairmiúla éagsúla san AE agus ar gach aon duine a rannchuidigh gan ainm.
- Agus gabhaimid buíochas le gairmithe eile in institiúidí sláinte poiblí a chabhraigh nó a chuir idéanna agus coincheapa ar fáil le linn an chleachtais seo, trí theagmháil dhíreach leis an ECDC nó trí cheisteanna a phlé leis na saineolaithe.

## Tagairtí

*Regulation (EC) No 851/2004 of the Parliament and of the Council, establishing a European Centre for Disease Prevention and Control* [Rialachán (CE) Uimh 851/2004 ón bParlaimint agus ón gComhairle, lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú] http://ecdc.europa.eu/About_us/Key_Documents/ecdc_regulations.pdf

Tuairisc ar Chruinniú: *Consultation with the MS about an ECDC Training Strategy* [Comhairliúchán leis na BS faoi Straitéis Oiliúna ECDC], Nollaig 2005, Ar fáil ó http://ecdc.europa.eu/Activities/Training.html

Tuairisc ar Chruinniú: *Core competencies of epidemiology in the area of communicable disease surveillance and response in the EU* [Croí-inniúlachtaí na heipidéimeolaíochta sa réimse d'fhaireachas ar agus freagairt do ghalair theagmhálacha san AE], 1ú cruinniú saineolaithe an ECDC, Stócólm, 31 Eanáir 2007. Ar fáil ó http://ecdc.europa.eu/Activities/Training.html

Miner K, Childers W, Alperin M, Hunt N; *The MACH Model: From Competencies to Instruction and Performance of the Public Health Workforce* [An tSamhail MACH, Ó Inniúlachtaí go Teagasc agus Feidhmíocht an Lucht Oibre Sláinte Poiblí], *Public Health Reports* [Tuairiscí Sláinte Poiblí] 2005 FORLÍONADH 1 / Eagrán 120. http://www.publichealthreports.org/userfiles/120_SUP1/120009sup.pdf

Varela C, Coulombier D. *Defining core competencies for epidemiologists working in communicable disease surveillance and response in the public health administrations of the European Union.* [Croí-inniúlachtaí a shainiú d'eipidéimeolaithe a oibríonn sa réimse d'fhaireachas ar agus freagairt do ghalair theagmhálacha i riaracháin sláinte poiblí an Aontais Eorpaigh.] *Eurosurveillance* 2007;12(8):E070802.2. Ar fáil ó: http://www.eurosurveillance.org/ew/2007/070802.asp#2

# AGUISIN A: LIOSTA DE CHROI-INNIULACHTAI D'EIPIDEIMEOLAITHE ALLAMUIGH SNA RIARACHAIN SLAINTE POIBLI DEN AONTAS EORPACH, GRUPAILTE DE REIR CATAGOIRI AGUS FEARANN

**Tábla 1: Réimsí agus fearainn in eipidéimeolaíocht sláinte poiblí**

| **Catagóir** | **Réimse** | **Fearann** |
|---|---|---|
| Sonrach don ghairm | Sláinte phoiblí | 1. Eolaíocht sláinte poiblí |
| | | 2. Beartas sláinte poiblí |
| | Eipidéimeolaíocht fheidhmeach | 3. Measúnú riosca |
| | | 4. Faireachas sláinte poiblí |
| | | 5. Imscrúdú ar ráig de ghalar tógálach |
| | | 6. Staidéir eipidéimeolaíocha |
| | | 7. Galair thógálacha |
| | | 8. Saincheisteanna saotharlainne |
| | | 9. Treoir sláinte poiblí |
| Coitianta i ngairmeacha eile | Bithstaidreamh | 10. Dóchúlacht |
| | | 11. Staidreamh tátalach |
| | | 12. Sampláil |
| | Faisnéisíocht fheidhmeach | 13. An tIdirlíon |
| | | 14. Anailísiú sonraí staidrimh agus eile |
| | | 15. Eagarthóireacht agus láithreoireachtaí |
| | Cumarsáid | 16. Cumarsáid riosca |
| | | 17. Cumarsáid scríofa |
| | | 18. Cumarsáid ó bhéal |
| | | 19. Úsáid de theicneolaíochtaí nua |
| | Bainistíocht | 20. Pleanáil agus úsáid acmhainní |
| | | 21. Tógáil foirne agus idirbheartaíocht |
| | Forbairt cumais | 22. Meantóireacht |
| | | 23. Oiliúint |
| | Eitic | 24. Daoine aonair a chosaint |
| | | 25. Rúndacht |
| | | 26. Coinbhleachtaí leasa |

# 1. Réimsí sonracha don ghairm

## 1.1. Sláinte Phoiblí

### *Fearann 1.1.1. Eolaíocht sláinte poiblí*

1. Bain úsáid as eolas reatha ar eipidéimeolaíocht galar chun cleachtas sláinte poiblí nó cleachtas eipidéimeolaíoch a threorú.
2. Ionchur eipidéimeolaíoch a sholáthar chun cuspóirí ábhartha intomhaiste a fhorbairt do chláir sláinte poiblí.
3. Eolas ar shain-fhachtóirí socheolaíocha agus cultúrtha sa phobal a úsáid chun staidéir a stiúradh agus chun gníomhartha sláinte poiblí a mholadh atá ábhartha don phobal buailte.

### *Fearann 1.1.2. Beartas sláinte poiblí*

4. Doiciméid dhlíthiúla faoi bheartas sláinte poiblí ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach a thuiscint agus a anailísiú.
5. Torthaí eipidéimeolaíocha a úsáid chun cláir sláinte poiblí a phleanáil.
6. Cláir sláinte poiblí a chur i bhfeidhm: beartas a chur i bhfeidhm i gcleachtas sláinte poiblí.
7. Bearta éifeachtúla chun sláinte a chur chun cinn a aithint d’fhadhbanna sonracha.
8. Bearta coisctheacha sláinte cuí a aithint d’fhadhbanna sonracha.
9. Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar idirghabhála ar shláinte an phobail.
10. Torthaí sláinte a thomhas chun treoir a thabhairt do chinnteoireacht i straitéis choisctheach.
11. Torthaí na meastóireachta ar dhul chun cinn cláir maidir le cuspóirí agus torthaí a bhaint amach a úsáid i bpleanáil agus modhnú clár breise.
12. Idirghabháil chuí sláinte poiblí a aithint bunaithe ar shonraí faireachais.

## 1.2. Eipidéimeolaíocht fheidhmeach

### *Fearann 1.2.1. Measúnú Riosca*

13. Foinsí faisnéise faoi bhagairtí féideartha don tsláinte phoiblí a aithint.
14. Measúnuithe riosca a stiúradh: trí leas a bhaint as smaointeoireacht chriticiúil, fíoraigh an bhfuil fadhb sláinte poiblí ann agus déan cur síos ar a méid.
15. Na riachtanais a aithint maidir le sonraí faireachais chun measúnuithe riosca a dhéanamh ar bhagairtí don tsláinte phoiblí.

### *Fearann 1.2.2. Faireachas sláinte poiblí*

16. Córas faireachais a rith.
17. Bainistíocht sonraí faireachais a stiúradh.

18. Anailís thuairisciúil a dhéanamh ar shonraí faireachais.
19. Treochtaí i ngalair agus in imeachtaí sláinte poiblí a léirmhíniú ó anailís amshraitheanna.
20. Eochair-thorthaí ó anailís ar shonraí faireachais a aithint agus tátail a bhaint astu.
21. Meastóireacht a dhéanamh ar chórais faireachais.
22. An gá le córas faireachais nua a aithint agus an córas nua sin a bhunú.
23. Úsáid a bhaint as faireachas bunaithe ar imeachtaí, dá ngairtear faisnéis eipidéime freisin, chun bagairtí don tsláinte a bhrath.
24. Bheith ar an eolas faoi dhlíthe maidir le faireachas agus tuairisciú galar teagmhálach ag leibhéal náisiúnta, an AE agus ag leibhéal domhanda (Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta).

### *Fearann 1.2.3. Imscrúdú ar ráig de ghalar tógálach*

25. Sainiú cáis a chruthú agus a choigeartú mar is gá le linn an imscrúdaithe.
26. Cur síos a dhéanamh ar an ráig i dtéarmaí duine, áit agus am.
27. Hipitéis a ghiniúint faoi chúis agus/nó fachtóirí riosca an bhriste amach.
28. Imscrúdú eipidéimeolaíoch anailíseach a dhéanamh chun an fhoinse a aithint.
29. Bearta cuí bunaithe ar fhianaise a mholadh chun an ráig a rialú.
30. Torthaí imscrúdaithe a thuairisciú agus a chur i láthair.

### *Fearann 1.2.4. Staidéir eipidéimeolaíocha*

31. Prótacal staidéir a scríobh trí leas a bhaint as teicnící imscrúdaithe a théann leis an bhfadhb sláinte poiblí.
32. Staidéir eipidéimeolaíocha a stiúradh.
33. Torthaí staidéir a thuairisciú agus a chur i láthair.
34. Idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise a mholadh mar fhreagairt do thorthaí eipidéimeolaíocha.

### *Fearann 1.2.5. Galair thógálacha*

35. Bheith ar an eolas faoi dhinimic tarchuir na ngalar tógálach.

### *Fearann 1.2.6. Saincheisteanna saotharlainne*

36. Suntas diagnóiseach agus eipidéimeolaíoch tuairiscí ó thástálacha saotharlainne a léirmhíniú.
37. Bheith ar an eolas faoi mhodhanna éagsúla diagnóisithe agus tíopála, lena n-áirítear tástálacha móilíneacha.
38. Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le foireann na saotharlainne.

*Fearann 1.2.7. Treoir sláinte poiblí*

39. Litríocht ábhartha agus fianaise eile a aithint, a athbhreithniú agus a mheasúnú.
40. Treoirlínte bunaithe ar fhianaise a fhorbairt d'fhaireachas, cosc agus rialú galar teagmhálach agus géar-imeachtaí eile sláinte poiblí.
41. Spriocghrúpaí cuí a aithint do threoirlínte.

# 2. Réimsí ginearálta coitianta i ngairmeacha eile

## 2.1. Bithstaidreamh

*Fearann 2.1.1. Dóchúlacht*

42. Coincheapa bunúsacha maidir le dóchúlacht a chur i bhfeidhm.

*Fearann 2.1.2. Staidreamh tátalach*

43. Poncmheastacháin agus eatraimh mhuiníneacha de thomhais an chlaonta lárnaigh agus an scaipthe a ríomh agus a léirmhíniú.
44. Poncmheastacháin agus eatraimh mhuiníneacha de thomhais ghaolmhaireachta agus iarmharta a ríomh agus a léirmhíniú.
45. Tástálacha suntasachta a ríomh agus a léirmhíniú.

*Fearann 2.1.3. Sampláil*

46. Straitéis chuí samplála a roghnú

## 2.2. Faisnéisíocht

*Fearann 2.2.1. An tIdirlíon*

47. Foinsí idirlín a úsáid chun cuardach litríochta a dhéanamh.
48. Bunachair shonraí gréasán-chumasaithe a úsáid.

*Fearann 2.2.2. Anailísiú sonraí staidrimh agus eile*

49. Pacáistí bogearraí bunachair shonraí a úsáid chun sonraí a iontráil agus a bhainistiú.
50. Pacáistí bogearraí a úsáid chun anailísiú staidrimh a dhéanamh (tomhais de ghaolmhaireacht, tástáil agus aischéimniú loighistice).
51. Tátail a bhaint as torthaí na hanailíse.

*Fearann 2.2.3. Eagarthóireacht agus láithreoireachtaí*

52. Bogearraí a úsáid chun láithreoireachtaí a scríobh, a chur in eagar agus a chruthú.

## 2.3. Cumarsáid

### *Fearann 2.3.1. Cumarsáid riosca*

53. Bunphrionsabail na cumarsáide riosca a úsáid, ag coigeartú na teachtaireachta nuair atá torthaí imscrúdaithe á gcur i láthair luchtanna féachana éagsúla: na meáin, an pobal i gcoitinne, gairmithe agus an lucht déanta beartais.

### *Fearann 2.3.2. Cumarsáid scríofa*

54. Tuairisc ar imscrúdú eipidéimeolaíoch a scríobh don lucht déanta cinntí.
55. Alt a scríobh d'iris eolaíoch.
56. Coimriú a scríobh.
57. Preasráiteas a scríobh.
58. Doiciméid, tuairiscí, litreacha, miontuairiscí cruinnithe, etc. a tháirgeadh.

### *Fearann 2.3.3. Cumarsáid ó bhéal*

59. Scileanna idirphearsanta a chuimsiú i gcumarsáid le comhghleacaithe agus le luchtanna féachana eile.
60. Príomh-phointí óráide a anailísiú agus a shintéisiú.
61. Aiseolas oibiachtúil a chur ar fáil (tuairisciúil, seachas a bheith daorbhreithiúnach)

### *Fearann 2.3.4. Úsáid de theicneolaíochtaí cumarsáide nua*

62. Leas éifeachtúil a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide (físchomhdháil, teileachomhdháil, ríomhphost, etc.)

## 2.4. Bainistíocht

### *Fearann 2.4.1. Pleanáil agus úsáid acmhainní*

63. Tascanna i dtionscadal a phleanáil, a chur in ord tosaíochta agus a sceidealú.
64. Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar cháilíocht i gcoinne spriocanna sonracha, sceidil a choigeartú agus athruithe a dhéanamh nuair is gá.
65. Na hacmhainní ar fáil (foireann, am, buiséad, etc.) a bhainistiú go héifeachtúil.
66. Gníomhaíochtaí eipidéimeolaíocha a dhéanamh laistigh de chomhthéacs na pleanála airgeadais agus oibríochtúla.
67. Tuairisc ar ghníomhaíocht a ullmhú.

### *Fearann 2.4.2. Tógáil foirne agus idirbheartaíocht*

68. Bheith i do bhall foirne éifeachtúil, ag comhlíonadh na feidhme a bhfuil gá léi chun rannchuidiú go tógálach leis an ngrúpa tascanna a bhaint amach (ceannaireacht san áireamh).
69. Comhoibriú, comhpháirtíochtaí agus tógáil foirne a chur chun cinn chun cuspóirí cláir eipidéimeolaíoch a bhaint amach.
70. Comhpháirtíochtaí pobail a fhorbairt chun tacú le himscrúduithe eipidéimeolaíocha.

71. Na leasanna atá comhroinnte, in aghaidh a chéile nó éagsúil a aithint i gcomhar leis an bpáirtí eile chun comhoibriú agus bainistíocht mhaith coinbhleachtaí a bhaint amach.

## 2.5. Forbairt cumais

### *Fearann 2.5.1. Meantóireacht*

72. Meantóireacht a dhéanamh ar phiaraí nó ar eipidéimeolaithe sóisearacha.
73. Cabhrú le daoine eile smaointeoireacht a shoiléiriú, teacht ar chomhaontú agus idéanna a fhorbairt chun pleananna inghníomhaithe a chruthú.

### *Fearann 2.5.2. Oiliúint*

74. Oiliúint a chur ar eipidéimeolaithe sóisearacha.

## 2.6. Eitic

### *Fearann 2.6.1. Daoine aonair a chosaint*

75. Meas a léiriú ar phrionsabail eiticiúla i ndáil le leas daonna agus cloí leis na prionsabail sin.
76. Cloí le prionsabail agus treoirlínte eitice do phleanáil staidéar, do stiúradh taighde agus do bhailiú, scaipeadh agus úsáid sonraí.
77. Dlíthe ábhartha a chur i bhfeidhm ar bhailiú, bainistíocht agus scaipeadh sonraí agus ar úsáid faisnéise.

### *Fearann 2.6.2. Rúndacht*

78. Meas a léiriú ar phrionsabail eiticiúla i ndáil le cosaint sonraí agus rúndacht maidir le haon fhaisnéis a fhaightear mar chuid den ghníomhaíocht ghairmiúil agus cloí leis na prionsabail sin.

### *Fearann 2.6.3. Coinbhleachtaí leasa*

79. Déileáil le coinbhleachtaí leasa.